

# ❖ An Lúibín ❖

28 Aibreán 2023

## **Teanga na háite: an Bhreatnais**

*The use of Welsh rather than English can still arouse controversy. Nonetheless, it has many more speakers than Irish and plans are afoot to greatly increase the number of fluent speakers by 2050.*

Colúnaí de chuid *An Guardian* is ea Rhiannon Lucy Cosslett agus cainteoir Breatnais. Is garr ó scríobh sí píosa faoin gconspóid a lean an moladh go dtabharfaí Bannau Brycheiniog feasta mar ainm oifigiúil ar an bpáirc náisiúnta a dtugtar na Brecon Beacons uirthi i mBéarla.<sup>1</sup>

Déanann sí tagairt don sean-nath faoin gcuairteoir ó Shasana a chuaigh isteach i dteach tábhairne sa Bhreatain Bheag agus a rinne gearán gur thosaigh gach duine ag labhairt Breatnais. (In áit an Bhéarla bhinn a bhí á labhairt acu anuas go dtí sin, gan dabht.) Cuireann seo i gcuimhne dúinn gurb é a athrach de nós atá ag Gaeilgeoirí na hÉireann: má thuigeann siad go bhfuil Béarlóir ina gcuideachta, iompaíonn siad ar an mBéarla ar an bpointe boise. Den mhúineadh é, a deir siad.

I ndáiríre, tá rudaí eile i gceist. Tá 17% de phobal na Breataine Bige in ann Breatnais a labhairt, a bheag nó a mhór (2021); sin os cionn 500,000 duine, agus timpeall a leithe an-líofa. Tá meáchan éigin pobail ag baint leis an teanga, mar sin, rud a d'aithin UNESCO nuair a dúirt sé nach bhfuil an Bhreatnais i mbaol. Tugann an meáchan sin misneach do na cainteoirí; ní féidir a rá nach ionann mór is maith sna cúrsaí seo, agus tá a rian sin ar mheanma lucht labhartha na teanga.

Níl an misneach sin ag lucht na Gaeilge fós; níl an t-athdhúchas tathagach go leor acu; airíonn siad nach bhfuil iontu ach mionlach faoi léigear, is cuma faoin méadú mall atá ag teacht ar líon na nuachainteoirí. Beidh an teanga tagtha slán nuair a chuirfidh Gaeilgeoir amháin den chuideachta de dhualgas air féin comhrá a choinneáil leis an strainséir, rud a ligfidh don chuid eile leanúint orthu ag caint i neamh-Bhéarla. Is fada sinn ag fanacht.

Tá a lán ráite in Éirinn faoi líon na gcainteoirí a chur ag borradh sna blianta romhainn, ach go dtí seo is beag toradh a tháinig ar an gcaint sin. Cloistear an chaint chéanna sa Bhreatain Bheag agus an rialtas chun cuidiú le dlí a ligfeadh do dhaltaí na tíre líofacht a bhaint amach faoin mbliain 2050. Táthar ag súil le milliún cainteoir faoin mbliain sin. Ós rud é go bhfuil an oiread sin cainteoirí ann cheana mar bhunús (agus an oiread sin múinteoirí líofa dá bharr, murab ionann is Éire), bheifeá ag súil le rath.

Agus mar a deir ár gcolúnaí:

As to why the UK can't be more like New Zealand, and see the use of its indigenous languages as a cultural boon, not to mention a marketing strategy, well ... I left my London flat and went to the pub to ask some people, but the minute I walked in, they all started speaking English.



## **Gá le hoiliúint**

*There is an urgent need for highly trained and educated Irish speakers for Ireland's civil service, but the means are still lacking, as they also are in the provision of digital services in Irish.*

---

<sup>1</sup> 'Bannau Brycheiniog: is this Welsh national park Bannau Brycheiniog where Tory culture warriors will meet their Waterloo?': Rhiannon Lucy Cosslett, *The Guardian*, 21/4/23: [https://www.theguardian.com/commentisfree/2023/apr/21/bannau-brycheiniog-welsh-national-park-tory-culture-war-brecon-beacons?CMP=Share\\_iOSApp\\_Other](https://www.theguardian.com/commentisfree/2023/apr/21/bannau-brycheiniog-welsh-national-park-tory-culture-war-brecon-beacons?CMP=Share_iOSApp_Other)

Tá aird á tabhairt arís ar a laghad sin gaelcholáistí a bheith ar fáil in Éirinn, agus gan ach 36% de dhaltáí sna gael scoileanna in 2020 ag freastal ar ghaelcholáiste ina dhiaidh sin.<sup>2</sup> Bhí rudaí le rá ag Rónán Ó Domhnaill, iarchoimisinéir teanga, ar an ábhar seo. Tá céimithe le Gaeilge ag teastáil chun poist a ghlacadh sa státseirbhís agus i gcomhlachtaí poiblí, de réir bheartas nua, agus níl an tríú leibhéal in ann iad a sholáthar faoi láthair. Tá sé le tuiscint gur as na gaelcholáistí a thiocfadh cuid mhaith de na daoine sin sa chéad dul síos.

Molann an Domhnallach go mbeadh clár idir-institiúideach ann agus ábhair á múineadh trí Ghaeilge ann - polaitíocht pholaitiúil, eacnamaíocht, dlí agus rialachas, in éineacht le dianoiliúint sa Ghaeilge féin.

Éilíonn an reachtaíocht teanga nua gur cainteoirí Gaeilge iad 20% d'earcaigh nua na seirbhíse poiblí faoi 2030. Tá an cuspóir seo ag teacht le pleananna teanga eile a raibh cliseadh i ndán dóibh; sa chás seo bheadh morán le déanamh maidir le hoiliúint, agus is léir faoin am seo nach é cás na Gaeilge an chloch is mó ar phaidrín na Roinne Oideachais, rud atá mar chonstaic roimh a thuilleadh gaelcholáistí a bhunú.

Fadhb eile a bhaineann leis an scéal is ea laige na n-acmhainní digiteacha i nGaeilge. Níl an t-airgead ann ná an tacaíocht. De réir *Tuairisc.ie*, dúirt an Dr Teresa Lynn, duine d'údair *An Plean Digiteach don Ghaeilge 2023-2027*, nach mór do chainteoirí Gaeilge Béarla a úsáid agus gan a ndóthain áiseanna teicneolaíochta i nGaeilge acu. Ba mhaith léi níos mó clár a bheith ann ar an tríú leibhéal chun scileanna a mhúineadh agus níos mó taighde a chur á déanamh. Níl fotheidealú uathoibríoch ar fáil, mar atá i dteangacha eile. Ba mhór an cúnamh do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimoírí clár don fhoghlaim ríomhchuidithe teanga (FRT) a bheith ann, mar atá i dtíortha eile. Togra mór fadtréimseach atá ag teastáil, agus maoiniú dá réir.<sup>3</sup>



### Ócáidí an Acadaimh

*Two scholarly conferences linked to the Royal Irish Academy: one to do with the Gaelic languages, the other dealing with An Leabhar Breac, one of the most important of the great Irish manuscripts. It contains a number of valuable religious texts and one of the great Irish parodies of the 'vision' genre.*

Bhí baint ag Acadamh Ríoga na hÉireann le comhdhála chomhiúla riamh, agus is fiú cúpla ceann acu a lua.

Cruinneoidh scoláirí as gach cearn le chéile ar an 8ú agus an 9ú Meitheamh 2023 chun an taighde is déanaí faoi theangacha Gaelacha a chíoradh. Déanfar canúintí na Gaeilge, logainmneacha, téarmaíocht agus na forbairtí teicneolaíochta is déanaí a phlé. Ina theannta sin déanfar léiriú ar an dáimh theangeolaíochta agus chultúrtha atá idir Éirinn, Oileán Mhanann agus Albain. Foclóir Stairiúil na Gaeilge agus Coiste Léann na Gaeilge agus an Léinn Cheiltigh a réachtálfadh an chomhdháil.<sup>4</sup>

Tarraingíodh ár n-aird chomh maith ar chomhdháil faoi ghnéanna stairiúla, eaglasta, liteartha agus maisiúcháin na lámhscríbhinn a dtugtar An Leabhar Breac uirthi (27-28 Aibreán). Tá Acadamh Ríoga na hÉireann ag dul i gcomhar le hOllscoil Mhaigh Nuad agus le hInstitiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.

Lámhscríbhinn fhíorthábhachtach in Acadamh Ríoga na hÉireann is ea An Leabhar Breac. Scríobh Murchadh Riabhach Ó Cuindlis í i gCluain Leathan in Múscraí Tíre i dtuaisceart Chontae Thiobraid Árann agus in áiteanna eile idir 1408 agus 1411. (Tá nótaí dá chuid ar imeall na lámhscríbhinní: is iondúil go ndéanann sé gearán faoin bhfuacht.) Is í an lámhscríbhinn veillim Gaeilge is toirtiúla a bhreac scríobhaí amháin riamh í, agus ábhar reiligiúnda is mó atá ann – beatha Phádraig, beatha Bhríde, Féilire Óengusso Céili Dé, leaganacha de stair bhíobalta agus eile, in éineacht leis an scéal grinn Aisling Meic Conglinne (féach thíos).

Sa 16ú haois bhí an lámhscríbhinn i seilbh Mhuintir Aogáin, teaghlach oidhreachtúil dlí i nDún Doighre i gCúige Connacht agus Leabhar Mór Dúna Doighre uirthi dá bharr. Ina dhiaidh sin bhí sí ag Éamon Ó Ceallaigh (Contae Ros Comáin) in 1732, ansin ag an Dr John O'Brien faoi 1768, agus ansin ag Cornelius O'Daly i mBaile an Mhistéalaigh, Contae Chorcaí. Fuair Acadamh Ríoga na hÉireann an chéad imleabhar in 1789 agus an dara himleabhar uair éigin i ndiaidh 1844.

Tá scéal mór grinn le fáil ann: Aisling Meic Conglinne, scigaithe ar na scéalta aislinge. Tá an scoláire Aniér Mac Con Glinne chun an léann a thréigean agus dul le filíocht. Socraíonn sé ar chuairt a thabhairt ar Chathal mac Fionnuine, rí a bhfuil deamhan an chraois istigh ann. Tagann sé chomh fada le teach aíochta mainistreach i gCorcaigh, teach a bhfuil drochbhail uirthi. Tugann sé íde béil do na manaigh as gan fáilte cheart a chur roimhe; tá siad chun é a chéasadh ar chroch dá bharr, ach tagann aisling chuige a nochtann tír atá déanta de bhia, agus is

<sup>2</sup> <https://tuairisc.ie/ni-dea-theist-ar-an-roinn-oideachais-lion-na-ngearan-a-fuair-me-fuithi-o-domhnaill/>

<sup>3</sup> <https://tuairisc.ie/an-diothu-digiteach-a-bheidh-i-ndan-don-ghaeilge-ceal-tacaiochta/>; <https://tuairisc.ie/an-ghaeilge-as-data-i-re-na-teicneolaiochta-agus-baol-ann-go-dtabharfaidh-daoine-oga-cul-lei/>

<sup>4</sup> <https://www.eventbrite.ie/e/teangeolaiocht-na-gaeilge-linguistics-of-the-gaelic-languages-tickets-596502614377>

dóigh leis na manaigh go leigheasfaidh an aisling sin an rí. Éiríonn leis an scoláire tabhairt ar an rí troscadh dhá oíche a dhéanamh, agus tugann sé cuntas chomh mealltach sin ar a bhfaca sé san aisling go dtagann an deamhan amach as an rí agus ocras air. Bagraíonn an scoláire Soiscéalta Dé ar an deamhan agus éalaíonn sé siúd go hifreann. Seo thíos sliocht as tosach an scéil agus é tiontaithe go Nua-Ghaeilge.

Tháinig fonn mór ar mheanma an scoláire, .i. dul le filíocht agus a léann a fhágáil, mar b'ainnis dó a bheatha ar scáth a fhoghlama; agus scrúdaigh sé ina mheanma cén áit a dtabharfadh sé a chéadchuart filíochta. Is é ba thoradh don scrúdú dul go Cathal mac Fionnuine, a bhí ar chuairt rí<sup>5</sup> i nUíbh Eachach Mumhan. Chuala an scoláire go mbeadh a oiread is ba leor dó de gach bánbhia le fáil aige, óir ba shanntach i mbánbhia an scoláire.

Is amhlaidh gur tháinig an ní sin i meanma an scoláire oíche Shathairn ag Ros Chomáin, óir is ann a bhí sé ag déanamh a chuid léinn. Ina dhiaidh sin reic sé an beagán spré a bhí aige, .i. ar dhá bhairín de chruithneacht agus ar shlisne de sheanbhagún a raibh síog ina lár. Chuir sé sin ina thiachóg leabhar, agus chum sé dhá chuarán chorra de dhonnleathar seachtfhille dó féin an oíche sin.

D'éirigh sé go moch arna mhárach agus ghabh a léine in ardghabhal os cionn mhása a láirigeacha, agus ghabh uime a fhallaing bhán a bhí tógtha i bhfillte. Dealg iarainn thuas ina bhrat. Thóg sé a thiachóg ar stua-learg a dhroma. Ghabh sé a throstán cothrom a raibh fad cúig dhorn ann ó bhinn go binn ina lámh dheas. Chuaigh sé deiseal timpeall na reilige agus bheannaigh dá oide. Chuir sé siúd soiscéalta uime.

Chuaigh sé chun bóthair agus d'imigh thar chríoch Chonnacht isteach sna hUchtaí, go Luimneach, go Carn Fhear aduaidh, go Bearna trí Charpad, isteach i Sliabh Caoin, isteach i dtir Fhear Maí, thar Mhóin Mhór, go dtí gur fhan sé seal beag roimh easparta<sup>6</sup> i dteach aíochta Chorcaí. (Chuaigh sé ó Ros Comáin go Corcaigh Dé Sathairn úd.)

Is amhlaidh go bhfuair sé an teach aíochta ar oscailt os a chomhair. Ba lá de na trí ní an lá sin, .i. gaoth agus sneachta agus fliuchadh sa doras, i dtreo nár fhág an ghaoth sífín tuí ná smáileog luaithe gan scuabadh léi thar an doras eile faoi cholbha agus faoi thoilg agus faoi chliatha an rí-thí. Bhí plaincéad sa teach aíochta agus é fáiscthe fillte sa leaba, agus bhí sé míolach agus dreancaideach. Ba bheag an t-iontas é, mar ní fhaigheadh sé grianú de lá ná tógáil d'oíche, mar níor ghnách dó a bheith folamh agus é á thógáil. Folcadán an tí aíochta agus uisce na hoíche roimhe ann, lena chlocha i dtaobh na hursaine.<sup>7</sup>

Ní bhfuair an scoláire aon duine a dhéanfadh a osaic.<sup>8</sup> Bhain sé féin a chuaráin de agus nigh a chosa san uisce; thum sé a chuaráin ann ansin. Chroch sé a thiachóg ar chrúca sa fhraigh, agus thóg sé a chuaráin agus theaglaimaigh a lámha sa phlaincéad agus d'fháisc um a chosa é. Ach ba líonmhaire ná

<sup>5</sup> **Ar chuairt rí:** ba nós le ríthe agus le tiarnaí cuairt a gcríche a thabhairt chun a n-údarás a dheimhniú.

<sup>6</sup> **Easparta:** urnaí tráthnóna (*vespers* an Bhéarla).

<sup>7</sup> Dhéantaí uisce a théamh le clocha teo. Anseo bhí an t-uisce gan téamh ón oíche roimhe sin.

<sup>8</sup> **Osaic:** cosa aoi a ní (mar chomhartha fáilte).

gaineamh mara nó drithlí tine nó drúcht na maidine nó reanna neimhe na míolta leapa agus na dreancaidí ag gráinseáil a chos, i dtreo gur tháinig tuirse air; agus níor tháinig aon duine dá fhios ná ag tabhairt urraim dó.



### Ón Úcráin

Tá an cogadh san Úcráin ar siúl go fóill, faraor. Seo fiseán a thugann léargas cráite ar an rian a d'fhág sé ar fhear amháin a thugann saighdiúirí siar ón bhfronta leis, cuid acu gortaithe, cuid acu marbh.

<https://www.youtube.com/watch?v=GeelZuwRxxY>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

**Dánta le Colin Ryan (*Corraí na Nathrach*, Coiscéim 2017, agus *Rogha*, Coiscéim 2022)**

### Malartán<sup>9</sup>

Tháinig siad chuici ar maidin  
iad aoibhiúil is múinte  
is an solas lán d'úire  
lán de scéalta gan insint  
lán dár rugadh is dár imigh:

iad ag iarraidh uirthi teacht abhaile  
chun draíochta is ceoil  
ach sheas sí go daingean sa doras  
ag diúltú rompu  
ag roghnú a raibh aici cheana  
a raibh d'áthas is de bhrón

### Siúl

B'in an bóthar a shiúil tú  
san oíche  
an diabhal ar do chúl  
an madra ag tafann thiar  
an abhainn romhat amach  
ag rith aniar ó chríoch aineoil  
chun eolas na farraige

---

<sup>9</sup> Iarlais; páiste a chuirfeadh na síoga in ionad páiste dhaonna.